An Chomhairle Eorpach

**An Bhruiséil, 22 Márta 2019**
**(OR. en)**

**EUCO 1/19**

**CO EUR 1**
**CONCL 1**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Cruinniú den Chomhairle Eorpach (21 agus 22 Márta 2019)<br>– Conclúidí |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na Conclúidí a ghlac an Chomhairle Eorpach ag an gcruinniú thuasluaite.

## I. POIST, FÁS AGUS IOMAÍOCHAS

1. Bhí malartú tuairimí ag an gComhairle Eorpach faoi staid reatha an gheilleagair. Formhuiníonn an Chomhairle na réimsí tosaíochta beartais a leagtar amach sa Suirbhé Bliantúil Fáis agus iarrann sí ar na Ballstáit iad a léiriú sna chéad chláir náisiúnta eile um athchóiriú agus sna chéad chláir eile um chobhsaíocht nó um chóineasú agus é mar aidhm leis sin an fás agus an fhostaíocht a chothú trí infheistíocht agus athchóirithe a dhéanamh. Formhuiníonn sí freisin an dréachtmholadh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro.

2. Tá sé thar a bheith tábhachtach, do rathúnas agus d'iomaíochas na hEorpa, agus don ról atá ag an Eoraip os comhair an domhain mhóir, go mbeadh bonn láidir eacnamaíoch ann. Ba cheart sin a bhaint amach le cur chuige comhtháite a thabharfadh aghaidh ar na dúshláin dhomhanda, theicneolaíocha, slándála agus inbhuanaitheachta atá ann agus atá ag teacht chun cinn, agus a nascfadh na beartais agus gnéithe ábhartha go léir: an tAontas Eacnamaíoch agus Airgeadais, ar cheart é a dhoimhniú, agus an Margadh Aonair gona ghnéithe go léir, mar bhunchloch d'fhás an Aontais; beartas teanntásach tionsclaíochta a chuirfidh ar chumas an Aontais leanúint de bheith ina chumhacht tionsclaíochta; beartas réamhbhreathnaitheach digiteach, a bheidh oiriúnach do ré an chlaochlaithe dhigitigh agus do theacht chun cinn an gheilleagair sonraí; agus beartas uaillmhianach stóinseach trádála a áiritheoidh iomaíocht chóir, cómhalartacht agus sochair fhrithpháirteacha. Ba cheart aird chuí a thabhairt ar thimpeallacht ghnó fheabhsaithe do FBManna, ar fhorbairt scileanna agus ar an ngné shóisialta.

3. Chuige sin, iarrann an Chomhairle Eorpach ar an Aontas gona Bhallstáit gníomhú mar seo a leanas:

   – ba cheart an Margadh Aonair a dhoimhniú agus a neartú a thuilleadh, agus béim faoi leith ar gheilleagar seirbhísí a fhorbairt agus ar sheirbhísí digiteacha a phríomhshruthú; ní mór na bacainní gan údar atá fós ann a bhaint, cur leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún ó Shamhain na bliana 2018, agus gan aon bhacainn nua a chruthú. Ba cheart tuilleadh a dhéanamh chun Aontas na Margaí Caipitil agus an tAontas Fuinnimh a dhoimhniú agus chun cánachas cóir éifeachtach a áirithiú. Iarrtar ar an gCoimisiún, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, plean gníomhaíochta fadtéarmach a cheapadh faoi mhí an Mhárta 2020 chun rialacha an Mhargaidh Aonair a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú ar bhealach níos fearr;

– i bhfianaise a thábhachtaí atá sé go mbeadh bonn tionsclaíoch ann a bheadh comhtháite ar leibhéal domhanda agus a bheadh inbhuanaithe agus iomaíoch, iarrtar ar an gCoimisiún fís fhadtéarmach a thíolacadh, faoi dheireadh na bliana 2019, do thodhchaí thionsclaíoch an Aontais chomh maith le bearta nithiúla lena cur chun feidhme. Ba cheart aghaidh a thabhairt san fhís sin ar na dúshláin atá roimh earnáil tionscail na hEorpa agus trácht a dhéanamh ar na réimsí beartais ábhartha uile;

– ní mór don Aontas tuilleadh a dhéanamh chun geilleagar digiteach a fhorbairt a bheidh iomaíoch, slán, cuimsitheach agus eiticiúil, agus a mbeidh nascacht den chéad scoth ag baint leis. Ba cheart béim ar leith a leagan ar rochtain, ar chomhroinnt agus ar úsáid sonraí, ar shlándáil sonraí agus ar an intleacht shaorga, i dtimpeallacht iontaoibhe. Tá an Chomhairle Eorpach ag súil leis an moladh ón gCoimisiún maidir le cur chuige comhbheartaithe i leith shlándáil na líonraí 5G;

– d'fhonn leanúint de bheith iomaíoch ar an leibhéal domhanda sna príomhtheicneolaíochtaí agus i slabhraí luacha straitéiseacha, ní foláir don Aontas níos mó fiontraíochta a spreagadh agus cur go mór leis an infheistíocht sa taighde agus nuálaíocht. Ba cheart bearta a ghlacadh chun tacú a thuilleadh leis an gComhairle Nuálaíochta Eorpach agus chun cur chun feidhme na dTionscadal Tábhachtach ar Mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne a éascú, agus cothrom na Féinne do chách á áirithiú ag an am céanna mar aon le timpeallacht rialála agus creat státchabhrach atá fabhrach don nuálaíocht;

– ba cheart iomaíocht chóir a áirithiú laistigh den Mhargadh Aonair agus ar fud an domhain, chun tomhaltóirí a chosaint agus fás eacnamaíoch agus iomaíochas a chothú, i gcomhréir le leasanna straitéiseacha fadtéarmacha an Aontais. Leanfaimid den chreatchlár Eorpach um iomaíochas a nuashonrú de réir na bhforbairtí nua sa teicneolaíocht agus sa mhargadh domhanda. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún a dhéanamh amach roimh dheireadh na bliana conas is féidir na bearnaí atá i ndlí an Aontais a líonadh d'fhonn aghaidh a thabhairt i gceart ar na hiarmhairtí saofa a thagann as úinéireacht stáit eachtrach agus maoiniú státchabhrach eachtrach sa Mhargadh Aonair;

– ba cheart don Aontas leanúint de bheith ag éileamh clár oibre uaillmhianach cothrom don tsaorthrádáil trí Chomhaontuithe nua Saorthrádála a thabhairt i gcrích, agus luachanna agus caighdeáin an Aontais á gcur chun cinn agus é á áirithiú go mbeidh cothrom na Féinne ag cách. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach a thiomanta atá sí do chóras iltaobhach trádála atá oscailte agus rialacha-bhunaithe, a mbeidh Eagraíocht Dhomhanda Trádála nuachóirithe ina chroílár, agus athdhearbhaíonn sí go gcuirfidh sí in aghaidh gach cineál cosantais agus saofa. Iarrann an Chomhairle Eorpach go ndéanfaí a dteastaíonn chun gach eilimint dá bhfuil i ráiteas comhpháirteach na Stát Aontaithe agus an Aontais Eorpaigh an 25 Iúil 2018 a chur chun feidhme go beo;

– ina theannta sin, ní mór don Aontas a leasanna féin a chosaint i bhfianaise cleachtais éagóracha tríú tíortha, agus úsáid iomlán á baint as ionstraimí cosanta trádála agus as na rialacha soláthair phoiblí, mar aon le cómhalartacht éifeachtach a áirithiú don soláthar poiblí le tríú tíortha. Iarrann an Chomhairle Eorpach go gcuirfí tús arís leis an bplé ar ionstraim soláthair phoiblí idirnáisiúnta an Aontais Eorpaigh;

– a bhuí leis an gcreat nua Eorpach um infheistíochtaí coigríche a scagadh, beidh ar chumas na mBallstát dul i ngleic le hinfheistíochtaí ar bagairt iad don tslándáil nó don ord poiblí.

4. I mí an Mhárta 2020, beidh plé cuimsitheach ag an gComhairle faoi bhonn eacnamaíoch an Aontais a neartú, plé a bheidh bunaithe ar ionchur cuimsitheach ón gCoimisiún.

## II. AN tATHRÚ AERÁIDE

5. Déanann an Chomhairle Eorpach an méid seo a leanas:

– athdhearbhaíonn sí a tiomantas do Chomhaontú Pháras agus aithníonn sí gur gá dlús a chur leis na hiarrachtaí domhanda atá á ndéanamh chun dul i ngleic leis an athrú aeráide i bhfianaise an eolais eolaíochta is deireanaí atá ar fáil, go mór mór an Tuarascáil Speisialta ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide maidir leis an tionchar atá ag an téamh domhanda atá 1.5°C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch;

- cuireann sí i dtreis a thábhachtaí atá sé go dtíolacfadh an tAontas straitéis fhadtéarmach uaillmhianach faoi 2020 ina ndéanfaí gach iarracht an neodracht aeráide a bhaint amach i gcomhréir le Comhaontú Pháras agus sainiúlachtaí na mBallstát agus iomaíochas earnáil tionscail na hEorpa á gcur san áireamh;
- iarrann sí go gcuirfí bailchríoch go prapúil ar na straitéisí fadtéarmacha náisiúnta;
- aithníonn sí go ngabhann deiseanna suntasacha agus poitéinseal suntasach le cur chun feidhme chuspóir Chomhaontú Pháras, maidir le fás eacnamaíoch, poist nua agus forbairt theicneolaíoch agus maidir le hiomaíochas na hEorpa a neartú, deiseanna agus poitéinseal a chaithfear a thapú agus aistriú atá cóir agus cothrom ar bhonn sóisialta á áirithiú do chách;
- iarrann sí ar an gComhairle dlús a chur lena cuid oibre ar straitéis aeráide fhadtéarmach de théisclim don phlé a dhéanfar ar an gceist sa Chomhairle Eorpach i mí an Mheithimh 2019.

## III. <u>AN CAIDREAMH SEACHTRACH</u>

6. D'ullmhaigh an Chomhairle Eorpach an cruinniú mullaigh idir an tAontas agus an tSín atá le bheith ann ar an 9 Aibreán 2019. Malartaíodh tuairimí faoin gcaidreamh foriomlán leis an tSín sa chomhthéacs domhanda.

7. Tá cúig bliana ann ó rinne an Rúis ionghabháil neamhdhleathach ar an gCrimé agus Sevastopol agus tá an tAontas fós diongbháilte ina thiomantas do cheannasacht agus d'iomláine chríochach na hÚcráine. Athdhearbhaíonn an tAontas Eorpach nach n-aithníonn sé an ionghabháil sin, agus ní staonfaidh sé den sárú seo ar an dlí idirnáisiúnta a cháineadh, sárú ar lombhagairt go fóill é ar an tslándáil idirnáisiúnta. Tá an tAontas fós tiomanta dá bheartas neamhaitheantais a chur chun feidhme.

8. Is mór an díol trua don Chomhairle Eorpach an bás agus an scrios a lean an stoirm trópaiceach Idai i Mósaimbíc, sa Mhaláiv agus sa tSiombáibe. Is díol sásaimh di go bhfuil an plean práinnfhreagartha curtha i bhfeidhm cheana féin ag an Aontas gona Bhallstáit. Ina theannta sin, chuir an Chomhairle in iúl go bhfuil sí lánsásta leanúint uirthi ag tacú leis na tíortha seo trí fhóirithint phráinneach dhaonnúil a thabhairt dóibh siúd atá ina gátar.

## IV. A ÁIRITHIÚ GO mBEIDH SAORTHOGHCHÁIN CHÓRA ANN AGUS AN BHRÉAGAISNÉIS A CHOMHRAC

9. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach an obair thábhachtach a rinneadh le míonna beaga anuas i ndáil leis seo agus iarrann sí go ndéanfaí iarrachtaí comhordaithe níos fearr fós chun dul i ngleic le gnéithe inmheánacha agus seachtracha na bréagaisnéise agus chun na toghcháin Eorpacha agus náisiúnta ar fud an Aontais a chosaint. Is den chroí-thábhacht sa chomhthéacs sin go ndéanfaí faisnéis a roinnt agus is tábhachtach an chéim chun tosaigh é bunú an Chórais Mear-Rabhaidh. Tathantaíonn an Chomhairle Eorpach ar oibreoirí príobháideacha, amhail ardáin ar líne agus líonraí sóisialta, an Cód Cleachtais a chur chun feidhme go hiomlán agus caighdeáin is airde freagrachta agus trédhearcachta a áirithiú. Mar chuid lárnach d'athléimneacht an Aontais ar bhagairtí hibrideacha a neartú, iarrann sí go ndéanfaí iarrachtaí leanúnacha, comhordaithe chun córais dhaonlathacha an Aontais a chosaint agus na bagairtí láithreacha agus fadtéarmacha ón mbréagaisnéis a chomhrac. Ar bhonn tuarascáil a ullmhóidh an Uachtaránacht i gcomhar leis an gCoimisiún agus leis an Ardionadaí maidir leis na ceachtanna a foghlaimíodh, fillfidh an Chomhairle Eorpach ar an tsaincheist seo ag an gcruinniú a bheidh aici i mí an Mheithimh d'fhonn teacht ar fhreagairt fhadtéarmach.